

Bíodh do chearta ar eolas agat

Is é atá in Eurojust ná comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh (AE anseo feasta) a bunaíodh sa bhliain 2002 chun feabhas a chur ar éifeachtacht na n-údarás inniúil laistigh de Bhallstáit an AE le linn dóibh déileáil le himscrúdú agus le hionchúiseamh coireachta tromchúisí trasteorann agus coireachta eagraithe. Chun a chúraimí a chomhlíonadh, déanann Eurojust próiseáil ar mhéideanna suntasacha faisnéise, ar faisnéis de chineál pearsanta í go minic agus ar faisnéis í a bhaineann le daoine faoi amhras, le daoine ciontaithe, le finnéithe agus le híospartaigh na coireachta. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig láithreán gréasáin Eurojust: www.eurojust.europa.eu.

Is é atá sa Chomhchomhlacht Maoirseachta (CCM anseo feasta) ná maoirseoir neamhspleách a bunaíodh le hAirteagal 23 de Chinneadh Eurojust agus a dhéanann maoirseacht chomhpháirteach ar na gníomhaíochtaí de chuid Eurojust a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta agus a áiríthíonn go ndéantar na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir le Cinneadh Eurojust.

Cad iad na cearta atá agat?

Ceart rochtana

Tá an ceart agat chun rochtain a fháil ar aon fhaisnéis fút a shealbhaíonn Eurojust nó is féidir leat a iarraidh go ndéanfar aon fhaisnéis den sórt sin a sheiceáil. Níl aon táille ann chun an ceart seo a fheidhmiú. Ní mór do Eurojust déileáil le d'iarraidh laistigh de thrí mhí.

Féadfaidh Eurojust diúltú rochtain a thabhairt ar do chuid faisnéise, áfach, más gá sin:

- chun a chumasú do Eurojust a chúraimí agus a dhualgais a chomhlíonadh;
- chun imscrúdú náisiúnta atá ar siúl a chosaint; nó
- chun cearta agus saoirsí tríú páirtithe a chosaint.

Más rud é nach bhfuil tú sásta le cinneadh de chuid Eurojust, féadfaidh tú achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin os comhair an CCM.

Ceart chun ábhar a cheartú, a scriosadh nó a bhlocáil

Tá an ceart agat a iarraidh ar Eurojust sonraí

míchearta nó sonraí neamhiomlána a bhaineann leat féin a cheartú, a bhlocáil nó a scriosadh. Más rud é nach bhfuil tú sásta le freagra Eurojust, féadfaidh tú an t-ábhar a tharchur chuig an CCM laistigh de 30 lá ón tráth a fhaigheann tú an cinneadh ó Eurojust.

Cé chuige a seoltar iarraidh ar rochtain?

Chun do cheart rochtana a fheidhmiú, is ceart duit iarraidh i scríbhinn ar rochtain a chur chuig Eurojust nó chuig ceann de na húdarás inniúla seo a leanas (www.eurojust.europa.eu/jsb-datights.htm#contacts). Féadfaidh tú aon cheann de na húdarás sin a roghnú chun d'iarraidh a chur chuige agus déanfar an ceart rochtana a fheidhmiú i gcomhréir le dlí an Bhallstáit ina bhfuil an t-údarás sin suite.

Achomharc a dhéanamh

TChun achomharc a thaisceadh, is ceart duit gearán i scríbhinn a chur faoi bhráid Rúnaíocht an CCM laistigh de 30 lá ón tráth a fhaightear an cinneadh ó Eurojust. Ní mór duit an bonn le do ghearán a leagan amach sa litir a chuireann tú chuig an CCM. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith soiléir: cé atá ag déanamh an ghearáin, cad é ábhar an ghearáin agus cad iad forais an ghearáin. Is ceart aon doiciméid tacaíochta atá ar fáil a chur in éineacht leis an ngearán. Féadfaidh tú do ghearán a tharraingt siar aon tráth.

Scríobhfaidh Rúnaíocht an CCM chugat laistigh de cheithre seachtaine ón tráth a fhaightear do ghearán chun a rá go bhfuarthas an gearán agus chun roinnt faisnéise ginearálta a sholáthar duit faoin nós imeachta a bhaineann le hachomhairc.

Is ceart comhfhreagras a chur chuig an seoladh seo a leanas:

Eurojust
JSB Secretariat
PO Box 16183
2500 BD The Hague
Netherlands
E-mail: jsb@eurojust.europa.eu